



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curacláim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment

# Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir leis an bPáipéar Cúlra agus Treoir le haghaidh Athfhorbairt OSPS (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte) na Sraithe Sinsearaí

Feabhra 2023

# An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ .....	1
CUID A HAON: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN .....	2
Cur chuige modheolaíoch .....	2
Freagraí an chomhairliúcháin .....	3
CUID A DÓ: TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN .....	5
Aiseolas uileghabhálach .....	5
Na hábhair foghlama is tábhachtaí in OSPS na sraithe sinsearaí .....	6
Rudaí praiticiúla le cur san áireamh .....	10
CUID A TRÍ: PRÍOMHTHORTHAÍ D'FHORBAIRT ÁBHAIR .....	15
CONCLÚID AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE .....	17
AGUISÍN A .....	18
AGUISÍN B .....	19

---

## Réamhrá

---

Réitíodh [Páipéar Cúlra agus Treoir le haghaidh Athfhorbairt OSPS na Sraithe Sinsearaí](#) chun bonn eolais a chur faoi athbhreithniú ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sinsearaí mar chuid den athfhorbairt níos leithne ar an tsraith shinsearach. D'fhaomh an Chomhairle an Páipéar Cúlra seo le haghaidh comhairliúcháin an 22 Meán Fómhair, 2022, agus bhí an comhairliúchán poiblí ar bun idir an 3 Deireadh Fómhair agus an 6 Nollaig, 2022.

Tá léargas achomair sa Pháipéar Cúlra ar theacht chun cinn OSPS sa churaclam. Tugtar breac-chuntas ann ar na torthaí ábhartha ón athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)<sup>1</sup> a rinneadh in 2019 agus déantar machnamh ann ar roinnt dearcthaí idirnáisiúnta ar chleachtas OSPS/OCG na meánscoile sinsearaí i scoileanna. Ar deireadh, sonraítear sa Pháipéar na ceisteanna ba ghá a chur san áireamh agus an curaclam nuashonraithe á fhorbairt agus cur i bhfeidhm OSPS na Sraithe Sinsearaí á phleanáil.

Ba é aidhm an chomhairliúcháin tuairimí páirtithe leasmhara a lorg maidir leis na smaointe agus na ceisteanna a leagadh amach sa Pháipéar ar mhaithe le heolas a dhéanamh d'obair na Meithle Forbartha i dtaca le hathfhorbairt churaclam OSPS na Sraithe Sinsearaí.

Sa tuarascáil seo ar an gcomhairliúchán tugtar léargas ginearálta ar an bpróiseas comhairliúcháin, tugtar achoimre ar an aiseolas a fuarthas, agus déantar iniúchadh ar na príomhthorthaí d'obair na Meithle Forbartha agus na baill ag déanamh dul chun cinn sa phlé maidir le curaclam athfhorbartha i gcomhair OSPS na Sraithe Sinsearaí.

---

<sup>1</sup> Tá tuilleadh eolais faoin athbhreithniú sin le fáil [anseo](#).

## Cuid a hAon: An Próiseas Comhairliúcháin

---

Is príomhghné de chuid obair CNCM é an comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ó scoileanna, ó chomhpháirtithe oideachais, ó pháirtithe leasmhara eile agus ón bpobal i gcoitinne tionchar ar an gcomhairle. Tugtar léargas ginearálta sa chuid seo ar an gcur chuige modheolaíoch a úsáideadh sa chomhairliúchán seo. Cé go mbaineann beartas agus cleachtas, seachas béim theoriciúil, le comhairliúchán, murab ionann agus taighde, tá na prionsabail a leagtar amach i Straitéis Taighde CNCM (2019) mar bhunús leis an gcur chuige modheolaíoch a dtugtar breac-chuntas air sa chuid seo. Ina theannta sin, tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

### Cur chuige modheolaíoch

Bhí an iomad modhanna rannpháirtíochta i gceist le linn an chomhairliúcháin, a mhair ocht seachtaine, ar an bPáipéar Cúlra agus Treoir le haghaidh athbhreithniú OSPS na Sraithe Sinsearaí:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Seisiúin fócasghrúpa
- Cruinniú comhairliúcháin, ina rabhthas i láthair go pearsanta, le hionadaithe ó Aontas Daltaí Iar-bhunscoile na hÉireann (ISSU)
- Imeacht comhairliúcháin ar líne i gcuideachta gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí a oibríonn go díreach in OSPS nó a bhfuil saineolas acu ar ghné ar leith a bhaineann le OSPS

Baineadh leas as cur chuige na samplála féinroghnaithe don suirbhé ar líne, do na haighneachtaí scríofa, agus do na seisiúin fócasghrúpa. Lorgaíodh, trí ghlaos oscailte do gach scoil, léirithe spéise chun tacú leis an ngné den chomhairliúchán a bhaineann le guth an scoláire agus rannpháirtíocht an mhúinteora, agus scaipeadh é trí chumarsáid eagraíochtúil na gcomhpháirtithe oideachais. D'éascaigh an suirbhé agus na haighneachtaí scríofa bailiú sonraí ó shampla ionadaíoch mór de fhreagróirí, agus chuir imeachtaí ar líne/aghaidh ar aghaidh deis ar fáil do phlé agus fiosrú níos cuimsithí maidir le ceisteanna ba ghá a chur san áireamh. Faightear in Aguisín A liosta de na heagraíochtaí a roinn aighneacht scríofa agus ar mhian leo go n-ainmneofaí iad. In Aguisín B tá liosta de na heagraíochtaí a d'fhreastail ar an imeacht comhairliúcháin ar líne.

Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe cuairte scoile faoi 18 mbliana d'aois. Rinneadh taifeadadh scríofa mionsonraithe de na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile. Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na grúpaí fócais agus cuairteanna scoile a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Coinníodh príobháideacht na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht cead soiléir í a aithint i gcomhthéacs eagraíochtaí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís sonraí agus é bunaithe ar na ceisteanna ba ghá a chur san áireamh faoi mar a leagadh amach sa Pháipéar Cúlra. Chabhraigh sé seo an téamaí sna sonraí a bailíodh a aithint agus anailís a dhéanamh orthu. Tá torthaí na hanailíse seo le fáil i gCuid a Dó den tuarascáil seo.

## Freagraí an chomhairliúcháin

Reáchtáladh cruinnithe fócasghrúpa i gcúig scoil. Laistigh de gach scoil, reáchtáladh cruinnithe ar leith ina raibh idir ceathrar agus aon scoláire dhéag sa 6ú Bliain agus ina raibh idir múinteoir amháin agus triúr múinteoirí a raibh taithí acu ar theagasc OSPS na Sraithe Sinsearaí le déanaí. I gceann amháin de na scoileanna sin, bhí fócasghrúpa ina raibh triúr tuismitheoirí. San iomlán, ghlac 39 scoláire, deichniúr múinteoirí agus triúr tuismitheoirí páirt in 11 seisiún fócasghrúpa scoilbhunaithe. Ghlac ochtar scoláirí eile páirt i gcruinniú comhairliúcháin ISSU, agus ghlac 31 páirtí leasmhar ó 25 eagraíocht/gníomhaireacht páirt in imeacht comhairliúcháin ar líne.

Fuarthas freagraí ar an suirbhé ar líne ó 386 scoláire, 85 múinteoir agus 400 tuismitheoir. Chomh maith leis sin, fuarthas aighneachtaí scríofa ó 20 eagraíocht/gníomhaireacht agus ó 24 duine aonair. Tugtar achoimre ar na sonraí a bailíodh i dTábla 1.

**Tábla 1: Achoimre ar fhreagraí an chomhairliúcháin**

Uirlis chomhairliúcháin	Rannpháirtithe	Líon
Fócasghrúpaí	Scoláirí na sraithe sinsearaí	39
	Múinteoirí OSPS	10
	Tuismitheoirí	3
Imeacht comhairliúcháin ina rabhtas i láthair go pearsanta	Aontas Daltaí Iar-bhunscoile na hÉireann (ISSU)	8
Cruinniú comhairliúcháin ar líne	Páirtithe leasmhara OSPS – gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí	31
Aighneachtaí scríofa	Eagraíochtaí	20
	Daoine aonair	24
Suirbhé ar líne	Scoláirí	386
	Múinteoirí <i>Chuir 50 díobh siúd in iúl gur múinteoirí OSPS iad</i>	85
	Tuismitheoirí	400

Maidir leis na haighneachtaí scríofa ó ghrúpaí tuismitheoirí, agus leis na haighneachtaí scríofa agus na freagraí ar an suirbhé ó thuismitheoirí aonair, is suntasach gur cuireadh pointí a bhí cosúil lena chéile chun cinn i gcásanna inar cuireadh dearcthaí criticiúla in iúl, cé go raibh éagsúlacht le sonrú freisin ar ndóigh. I gcorrchás, bhí na pointí a ardaíodh díreach mar an gcéanna, a bheag nó a mhór,

ó thaobh bunúis agus foclaíochta de, leo siúd a fuarthas sa chomhairliúchán a rinneadh le déanaí <sup>2</sup> ar an dréachtsonraíocht churaclaim um OSPS na Sraithe Sóisearaí, ar cuireadh deireadh leis an 18 Deireadh Fómhair, 2022.

---

<sup>2</sup> Tá tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar an dréachtsonraíocht churaclaim um OSPS na Sraithe Sóisearaí le fáil [anseo](#).

## Cuid a Dó: Torthaí an chomhairliúcháin

---

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Dhírigh an comhairliúchán ar na ceisteanna ba ghá a chur san áireamh, arna sainiú sa Pháipéar Cúlra, faoi dhá mhór-réimse:

- an t-ábhar foghlama is fiúntaí
- rudaí praiticiúla le cur san áireamh.

Ghin an chomhairliúchán cuid mhór suime agus rannpháirtíochta. Go ginearálta, d'aontaigh na freagróirí gur gá curaclam OSPS a nuashonrú don tSraith Shinsearach ar mhaithe le cur le cúrsa OSPS na Sraithe Sinsearaí a ndearnadh nuashonrú air, agus le freastal ar riachtanais na n-ógánach atá ina gcónaí i saol an lae inniu. Bhí na scoláirí, na múinteoirí agus na tuismitheoirí ar aon fhocal faoi na topaicí ar chóir dul i ngleic leo ar bhealach ní ba dhoimhne sa tsraith shinsearach, tar éis na foghlama a bhaintear amach i ngearrchúrsa nuashonraithe OSPS sa tSraith Shóisearach, agus faoi thopaicí nua ar chóir plé a dhéanamh orthu sa tsraith shinsearach.

Ní mó ná sásta a bhí foghrúpa tuismitheoirí a thug freagra trí aighneachtaí scríofa agus suirbhéanna ar líne, ná traidhfil múinteoirí aonair a chomhlánaigh an suirbhé, faoi áit OSPS sa tsraith shinsearach ná faoi ábhar ar leith a d'fhéadfaí a áireamh sa chúrsa nuashonraithe. Luadh ábhair cháinte agus imní den chineál céanna san aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin ar an dréachtsonraíocht churaclaim nuashonraithe um OSPS na Sraithe Sóisearaí, agus bhí siad dírithe, den chuid is mó, ar chaidrimh agus ar ábhar gnéasachta in OSPS.

Cuirtear aiseolas mionsonraithe i láthair ar na leathanaigh seo a leanas.

### Aiseolas uileghabhálach

D'fháiltigh tromlach na scoláirí, na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na bpáirtithe leasmhara a ghlac páirt sa chomhairliúchán roimh fhorbairt an churaclaim nuashonraithe i gcomhair OSPS sa tSraith Shinsearach. Shainaithin siad na bealaí a bhféadfaid teacht níos fearr a bheith ag an scoláire ar OSPS dá bharr sin. Ba iad na cúiseanna seo a leanas ba mhó a luaigh na rannpháirtithe:

- is tráthúil an fhorbairt de thairbhe go gcruthaíonn curaclam OSPS sa tSraith Shóisearach, a ndearnadh nuashonrú air le déanaí, bonn láidir ar féidir tógáil air sa tsraith shinsearach.
- is deis é an nuashonrú ar churaclam OSPS sa tSraith Shinsearach chun é a ailíniú leis an gcuspóir agus leis an bhfís do shraith shinsearach athfhorbartha, ina dtugtar tús áite d'oideachas an duine iomláin seachas oideachas a chur ar fáil i gcomhair gnóthachtáil acadúil amháin.
- ós rud é nach bhfuil OSPS — sa tSraith Shinsearach — ar an gclár ama i bhformhór na scoileanna i láthair na huaire, níltear ábalta an tacaíocht cheart a thabhairt don scoláire chun a fholláine a choimeád.
- tá spás tiomnaithe ar leith de dhíth ar an aos óg sa tsraith shinsearach le go bhféadfaid siad plé a dhéanamh ar an strus sonrach agus ar na dúshláin shonracha a bhaineann leis an tráth seo dá saol, lena n-áirítear strus scrúduithe, cinnteoireacht i gcaidrimh, cothromaíocht staidéir/oibre/fóillíochta, srl.

- is féidir leis an scoil féin a bheith ina cúis le strus agus tá spás ar an gclár ama de dhíobháil ar an scoláire le go bhféadfaidh sé seasamh siar ó na hábhair scrúdaithe.
- ní féidir le gach duine óg topaicí OSPS a phlé sa bhaile. Ar an ábhar sin, ní mór cúnamh a thabhairt do dhaoine óga chun go mbeidh siad ábalta plé tuisceanach eolach oscailte a dhéanamh ar thopaicí OSPS lena gcomhscoláirí i dtimpeallacht ranga shábháilte.
- tá fiúntas ag baint le OSPS, san am i láthair agus san am atá le teacht. Is é sin le rá gur féidir le OSPS tacaíocht a thabhairt don scoláire freastal ar éilimh an tsaoil de chuid na linne seo agus iad a bhainistiú. Thairis sin, is deis é eolas a fháil agus scileanna agus nósanna a fhoghlaim don todhchaí de réir mar a tharraingíonn an scoláire ar an aosacht.

Bhí mionlach an-bheag de scoláirí agus de mhúinteoirí (suirbhéanna ar líne) agus foghrúpa tuismitheoirí (aighneachtaí scríofa agus suirbhéanna ar líne) i gcoinne OSPS sa tsraith shinsearach. Bhí seasamh an scoláire bunaithe ar eispéiris phearsanta dhiúltacha ar OSPS, nó ar an dearcadh gur tábhachtaí níos mó ama a chaitheamh ar ábhair acadúla sa tsraith shinsearach ná an fiúntas a bhaineann le OSPS. Chreid an foghrúpa tuismitheoirí nár cheart OSPS a phlé ar scoil mar a) gur cheart go ndíreofaí ar na hábhair acadúla; b) go raibh an iomarca 'folláine' á déanamh ag an scoláire cheana féin sa tsraith shóisearach; nó c) nach raibh eispéireas a bpáiste ar OSPS dearfach ná éifeachtach. Dúirt roinnt tuismitheoirí san fhoghrúpa seo agus dornán múinteoirí a d'fhreagair an suirbhé gur cheart do na tuismitheoirí féin aghaidh a thabhairt ar thopaicí sonracha OSPS toisc gurb iadsan príomhoideoirí a bpáistí. Tá tuilleadh sonraí faoin aiseolas i dtaobh an phointe deiridh sin le fáil sa chuid ábhartha thíos.

## Na hábhair foghlama is tábhachtaí in OSPS na sraithe sinsearaí

Ar mhaithe le haiseolas a spreagadh i dtaobh ceisteanna leanúnachais, dul chun cinn agus comhleanúnachais, agus ar mhaithe leis an ailíniú le beartais/straitéisí an rialtais agus ceanglais idirnáisiúnta, iarradh orthu siúd a ghlac páirt sa chomhairliúchán a dtuairimí a thabhairt faoi na hábhair foghlama is tábhachtaí do chúrsa nuashonraithe OSPS sa tSraith Shinsearach, faoi dhá fho-cheannteideal: ag tógáil ar an tsraith shóisearach agus foghlaim nua.

### Ag tógáil ar an tsraith shóisearach

Iarradh ar na scoláirí, na múinteoirí agus na tuismitheoirí a ghlac páirt i bhfócasghrúpaí, agus ar na páirtithe leasmhara a ghlac páirt san imeacht comhairliúcháin ar líne agus/nó a chuir aighneachtaí scríofa isteach, dul siar ar an dréacht-sonraíocht nuashonraithe um OSPS na Sraithe Sóisearaí. Ina dhiaidh sin, cuireadh ceist orthu faoi oiriúnacht ábhair den chineál céanna in OSPS na Sraithe Sinsearaí. Tríd is tríd, bhí na rannpháirtithe sin ar aon fhocal gur tábhachtach spléachadh eile a thabhairt ar thopaicí, ar nós na gceann seo a leanas, sa tsraith shinsearach: folláine mhothúcháinach/meabhairshláinte; caidrimh agus gnéasacht; roghanna sláintiúla, lena n-áirítear substaintí agus iompraíochtaí andúile; agus fanacht sábháilte agus go maith ar líne agus as líne. Rinneadh trácht ar théamaí den sórt céanna sna freagraí ar an suirbhé ar líne.

Mhaígh na daoine a ghlac páirt sa chomhairliúchán — scoláirí, múinteoirí agus páirtithe leasmhara go mór mór – gur tábhachtach spléachadh eile a thabhairt ar théamaí leathana freisin, agus tuilleadh iniúchta a dhéanamh orthu, sa tsraith shinsearach. Orthu siúd tá inniúlacht i gcúrsaí sláinte, agus cearta agus freagrachtaí.



Luaigh na dreamanna san uile mhodh comhairliúcháin folláine mhothúcháinach/meabhairshláinte agus ábhair ghaolmhara. Mar shampla, dhírigh scoláirí agus tuismitheoirí a d'fhreagair tríd an suirbhé ar líne go mór ar cheistanna folláine mothúchánaí/meabhairshláinte agus iad den bharúil go bhfuil siad sin ar na hábhair foghlama is tábhachtaí in OSPS na Sraithe Sinsearaí — rinneadh a lán tagairtí do strus, do straitéisí le dul i ngleic le deacrachtaí, do bhainistiú mothúcháin agus d'fhorbairt teacht aniar. Luaigh na scoláirí, ina bhfócasghrúpaí, go bhfuil folláine mhothúcháinach/meabhairshláinte thar a bheith tábhachtach, ní hamháin mar gheall ar an strus a bhaineann le scrúduithe, ach mar gheall ar na dúshláin a ghabhann lena bhfreagrachtaí atá ag dul i méid, caidrimh agus gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil, lena n-áirítear obair pháirtaimseartha, freisin.

D'áitigh na scoláirí gurbh fhearr foghlaim faoi *gcaoi* a bhféadfaí a bhfolláine mhothúcháinach a chothú agus a choimeád, ná a rá leo 'léirigh teacht aniar'. Ba spéis leo tuilleadh a fhoghlaim faoin gceangal idir a bhfolláine mhothúcháinach agus réimsí eile dá saol, a saol ar líne, caidrimh, úsáid as alcól/substaintí, agus tionchar COVID-19 ar mheabhairshláinte. Chuir siad in iúl go ríshoiléir gur mian leo dul i ngleic leis an stiogma a bhaineann le meabhairghalar, agus a bheith in ann labhairt lena gcairde agus lena muintir faoina meabhairshláinte féin agus tacaíocht a thabhairt dá réir sin, go háirithe má bhíonn deacrachtaí meabhairshláinte ag duine éigin a bhfuil siad mór leis/léi. Ar deireadh, ba mhaith leo a bheith in ann teacht ar sheirbhísí, ar thacaíochtaí agus ar fhaisnéis iontaoifa. Dhírigh na múinteoirí a d'fhreagair tríd an suirbhé ar líne ar strus an scoláire freisin agus ar an gcumas atá aige/aici déileáil leis. Rinneadh roinnt tagairtí dá fhiúntaí atá teagasc na mbunscileanna um Theiripe Chognaíochta agus Iompraíochta (CBT), agus dá thábhachtaí atá sé a bheith eolach ar fhreagra fiseolaíoch an choirp in aghaidh struis agus ar straitéisí chun déileáil leis, amhail dialann a choinneáil.

Leagadh béim ar OCG mar ní atá thar a bheith ábhartha do dhaoine óga sa tsraith shinsearach. B'fhéidir go bhfuil siad i mbun caidrimh rómánsúla anois agus seans go bhfuil tionchar de chineál éigin aige sin ar an dearcadh úd. Dúradh go bhfuil deis sa tsraith shinsearach iniúchadh níos mine a dhéanamh ar an gceangal atá idir na luachanna atá ag duine, na cinntí a dhéanann duine agus an cineál caidrimh a chothaíonn an t-aos óg. Chuir na rannpháirtithe sa chomhairliúchán in iúl freisin go gcaithfidh OCG tógáil ar churaclam na sraithe sóisearaí agus iniúchadh breise a dhéanamh ar chaidrimh shláintiúla/mhíshláintiúla/ghangaideacha ar a n-áireofar, mar shampla, smacht comhéigineach, ciapadh agus stalcaireacht, lena n-áirítear mí-úsáid ar líne agus mí-úsáid atá bunaithe ar íomhánna, an reachtaíocht a thugann cosaint in aghaidh na mí-úsáidí sin agus cá háit le dul chun tacaíocht a fháil. Mhol siad gur cheart go dtabharfaí cumhacht don scoláire an tionchar mothúcháinach a bhíonn ag caidreamh míshláintiúil a mhaolú, agus scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis/léi deireadh a chur le caidreamh dá shamhail.

Chuir rannpháirtithe an chomhairliúcháin in iúl freisin gur chóir go ndéanfaí cíoradh ní ba mhine in OSPS na Sraithe Sinsearaí ar chúrsaí teorann agus toilithe, de bhrí go bhfuil siad chomh tábhachtach sin i ngach gné de chaidreamh idirphearsanta le piaraí, cairde, muintir agus comhoibrithe, agus i gcaidreamh gnéis freisin. Ar deireadh, braitheadh gur cheart go mbeadh scileanna cumarsáide níos fearr ag an scoláire chun go bhféadfaidh sé/sí déileáil le deacrachtaí caidrimh, láimhseáil coimhlinte san áireamh.

Bhí inní ar thuismitheoirí agus ar pháirtithe leasmhara, go háirithe, faoin méid ábhair ghnéasacha, idir intuigthe agus fhollasach, lena n-áirítear pornagrafaíocht, a fheiceann daoine óga i bhfógraí

agus sna meáin go ginearálta, agus faoin tionchar a bhíonn aige sin ar thuiscintí ar chaidrimh ghnéis, ar dhearcthaí i leith steiréitíopaí inscne agus ar an gcomhionannas. Mhothaigh na rannpháirtithe sin go láidir gur cheart go mbeadh foghlaim ar leith le sonrú in OSPS na Sraithe Sinsearaí chun go bhféadfaí ionchais neamhréalaíocha faoi iompraíocht ghnéasach a aithint agus a cheistiú agus le go bhféadfaí gnéasacht dhearfach a spreagadh.

Dúirt mórán scoláirí agus múinteoirí i bhfócasghrúpaí agus i suirbhéanna ar líne gur chóir go mbeadh an ghné, OCG, de OSPS na Sraithe Sinsearaí á stiúradh ag cur chuige comhbhách ionchuimsitheach atá bunaithe ar an gcomhionannas. Luadh go bhféadfaí deireadh a chur le '*biogóideacht agus claontacht*' trí normalú na mball den phobal LADTAI+. Dúirt rannpháirtithe i roinnt fócasghrúpaí scoláirí agus múinteoirí gur mhian leo tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a bhíonn ag féiniúlacht inscne ar gach duine óg, is é sin, conas atá saol an fhir, na mná nó an duine neamh-dhénártha sa lá atá inniu ann. Rinne líon múinteoirí trácht ar na deacrachtaí atá ag scoláirí fireanna, agus ar an mearbhall atá orthu, agus iad ag éirí níos eolaí i rith an ama ar dhearcthaí diúltacha na sochaí i leith na bhfear.

Mar a sonraíodh cheana féin, léirigh foghrúpa tuismitheoirí a ghlac páirt sa chomhairliúchán — mar dhaoine aonair (suirbhéanna ar líne) nó mar chuid d'eagraíocht (aighneachtaí scríofa) — mar aon le traidhfil múinteoirí (suirbhéanna ar líne), imní faoi ábhar ar leith in OSPS, arb ábhar é a bhaineann le caidrimh agus gnéasacht den chuid is mó. Féiniúlacht inscne an t-ábhar cáinte ba mhó a bhí acu. Chuir na tuismitheoirí agus na múinteoirí sin in iúl gur topaic íogair í féiniúlacht inscne a gcuirtear go mór ina coinne. Chuir cuid acu in iúl go raibh siad go mór in éadan áit na féiniúlachta inscne sa churaclam toisc go bhféadfadh ceistiúchán, mearbhall, agus dochar do dhaoine óga fiú eascairt óna leithéid, dar leo. D'áitigh slám tuismitheoirí gur cheart déileáil le haon chomhrá faoin bhféiniúlacht inscne sa bhaile agus/nó le gairmithe oilte. Nocht siad go soiléir nach síceolaithe ná comhairleoirí iad múinteoirí. Bhí líon beag múinteoirí (suirbhé ar líne) den tuairim chéanna agus chreid siad nach raibh an acmhainn ná an t-eolas cuí acu chun aghaidh a thabhairt ar an topaic sin.

Dearbhaíodh san aiseolas a fuarthas sa chomhairliúchán — ó scoláirí, ó mhúinteoirí agus ó tuismitheoirí go háirithe — a thábhachtaí atá aclaíocht, cothú, codladh, féinchúram agus sláinteachas ó thaobh na folláine agus na sláinte de. Luaigh tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara gur gá dul siar, ar bhonn leanúnach, ar na hiarmhairtí a bhaineann le piarbhrú agus leis an domhan ar líne do chinnteoireacht an scoláire i dtaca le roghanna míshláintiúla. Rinne páirtithe leasmhara agus rannpháirtithe i bhfócasghrúpaí cuid mhór tráchta ar cheisteanna a bhaineann le corpiómhá, féiniómhá, féinmhúinín agus tionchar agus éifeacht inscneach na meán sóisialta agus na dtionchairí sóisialta. Chuir na rannpháirtithe sin in iúl, maidir le OSPS na Sraithe Sinsearaí, gur chóir go ndéanfaí aithris ann ar theachtaireachtaí shonraíocht na sraithe sóisearaí agus go seachnófaí stiogmatú cineálacha coirp, go n-úsáidfí faisnéis fhíorasach chun an dearcadh nach bhfuil '*bealach mícheart le corp a bheith agat*' a spreagadh, agus go gcuirfí ar chumas an scoláire anailís chriticiúil a dhéanamh ar an bhfaisnéis faoi nósanna itheacháin agus gníomhaíocht choirp a fhaightear ar líne.

Maidir leis an ngá le handúil a phlé in OSPS na Sraithe Sinsearaí, labhair na rannpháirtithe faoi alcól, bia, nictín, lena n-áirítear toitíní leictreonacha/galtoitíní, substaintí, gléasanna digiteacha, cearrbhachas, lena n-áirítear cearrbhachas ar líne, agus pornagrafaíocht. Dar leo gur cheart go gcuirfí ar chumas an scoláire andúil a aithint agus foghlaim faoi thionchar na handúile ar fholláine mhothúchánach, ar chinnteoireacht, ar an teaghlach agus ar chairde, ach leas a bhaint as faisnéis fhíorasach agus as cásanna réalaíocha.

Ba léir gurbh fhearr leis na scoláirí foghlaim faoin gcaoi a bhféadfaidís fanacht sábháilte i gcaidreamh aghaidh ar aghaidh ná foghlaim faoin gcaoi a bhféadfaidís fanacht sábháilte ar líne, mar shampla, an chaoi a bhféadfaidís fanacht sábháilte agus iad amuigh i gcásanna éagsúla, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad féin nó a gcairde ag ól; an chaoi a bhféadfaidís an baol go n-ólfaí barraíocht alcóil, go ndéanfaí spíceáil ar dheochanna, go nglacfaí páirt i gcoimhlint fhisiciúil agus go mbeifí thíos le hionsaí gnéis, a sheachaint. D'áitigh siad gur cheart go mbeadh daoine óga in ann *'an chuma atá ar oíche shábháilte amuigh a mhíniú'* agus gur cur chuige níos réalaíche í an mheánaíocht, seachas an tseachaint, tráth plé a dhéanamh ar úsáid alcóil agus substaintí (fócasghrúpaí scoláirí).

Braitheadh go tréan – sna fócasghrúpaí, sa chomhairliúchán ar líne agus sna haighneachtaí scríofa – gur cheart go mbeadh i gcuraclam OSPS na Sraithe Sinsearaí, cur chuige ní ba chaolchúisí i leith na hinniúlachta i gcúrsaí sláinte. Dar leis na freagróirí gur chóir go leagfaí béim, san inniúlacht i gcúrsaí sláinte sa tsraith shinsearach, ar na háiteanna agus ar na dóigheanna a bhféadfaí teacht ar fhaisnéis, ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí ábhartha. Dar leo freisin gur cheart go gcuirfí ar chumas an scoláire gníomhú de réir an eolais sin. Mar shampla, d'áitigh múinteoirí i bhfócasghrúpaí nach leor eolas a bheith ag an scoláire faoi na háiteanna a bhféadfaí faisnéis, tacaíochtaí agus seirbhísí i dtaobh folláine mhothúcháinach/meabhairshláinte a fháil, ach gur cheart go gcuirfí ar chumas an scoláire leas a bhaint as an eolas sin freisin. Chuir páirtithe leasmhara in iúl freisin gur uirlis thábhachtach í an inniúlacht i gcúrsaí sláinte chun mífhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhrac, go háirithe ar líne.

Dúirt páirtithe leasmhara, ina gcuid aighneachtaí scríofa, gur cheart an fhaisnéis, na samplaí, na scileanna agus an spreagadh a thabhairt do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh in iompraíochtaí an tseallaigh ghníomhaigh,<sup>3</sup> mar shampla, i gcásanna ina mbíonn foréigean gnéasach, trasfóibe, ciníochas agus cineálacha eile idirdhealaithe i gceist, mar bhealach leis an dochar a dhéanann na dearcthaí/gníomhartha seo a laghdú. Rinne múinteoirí a d'fhreagair an suirbhé ar líne tagairt don fhreagracht ag leibhéal idirphearsanta agus ag leibhéal na sochaí agus dar leo go n-eascraíonn muintearas níos fearr ón bhfreagracht.

### **Foghlaim nua**

Braitheadh go láidir in aiseolas an chomhairliúcháin ar fad gur minic nach mbíonn an scoláire ullmhaithe don saol tar éis an scoil a fhágáil agus gur chóir go dtacódh cúrsa nuashonraithe OSPS sa tSraith Shinsearach le daoine óga eolas sonrath breise a fháil agus na scileanna a chothú chun go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar an aosacht.

---

<sup>3</sup>Is ionann seallach gníomhach agus duine a fheiceann agus a aithníonn eachtra dhochrach, nó eachtra a d'fhéadadh a bheith dochrach, agus nach dtugann droim láimhe di nó nach n-imíonn uaithi.

Agus samplaí á dtabhairt acu d'eolas agus de scileanna breise i gcomhair an ullmhúcháin don 'saol dáiríre' agus den neamhspleáchas agus de na freagrachtaí méadaithe a bhaineann leis an aosacht, rinne na rannpháirtithe mórán tagairtí don mhéid seo a leanas: cónaí go neamhspleách as baile, scileanna féinbhainistíochta ar mhaithe le gnóthachtáil i suíomhanna breisoideachais/ardoideachais agus leis an aistriú chuig saol na hoibre, an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn chun teacht a fháil ar sheirbhísí agus ar theidlíochtaí agus chun airgeadas pearsanta a bhainistiú, conas saol sláintiúil a bheith agat agus cumarsáid a dhéanamh, agus caidrimh a chothú, le daoine as gach cúlra.

D'aithin na scoláirí sna fócasghrúpaí gur cheart go mbeidís eolach ar na cearta agus ar na freagrachtaí is infheidhme roimh bhaint amach na haosachta de réir an dlí (18 mbliana d'aois) agus ina dhiaidh sin, agus gur cheart go mbeadh a fhios acu cá seasann siad, ó thaobh an dlí de, i leith thopaicí ábhartha OSPS. D'aithin siad go bhfuil an t-eolas seo thar a bheith tábhachtach do dhaoine óga nach dtugann a dtuismitheoirí tacaíocht dóibh nó do dhaoine óga nach bhfuil a dtuismitheoirí in ann cuidiú leo. Ar na samplaí de na cearta/freagrachtaí ar cheart a bheith eolach orthu, luadh cearta/freagrachtaí ar líne agus cearta/freagrachtaí maidir leis an mbaile a fhágáil. Dhírigh tuismitheoirí a luaigh cearta/freagrachtaí ar chearta a bhaineann le hobair pháirtaimseartha, teacht ar fhrithghiniúint agus seirbhísí sláinte atáirgthe.

D'iarr múinteoirí agus tuismitheoirí go spreagfaí scoláirí na sraithe sinsearaí chun smaoineamh go criticiúil agus go neamhspleách trína gcuid foghlama in OSPS. Maidir le freagróirí ar an suirbhé a luaigh smaointeoireacht chriticiúil, is éard a bhí i gceist acu go minic daoine óga a chumasú le noirm shochoaíocha a cheistiú agus le dul i ngleic go criticiúil leis na meáin shóisialta agus leis an domhan ar líne go ginearálta.

Léirigh formhór na scoláirí, na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na bpáirtithe leasmhara, sna modhanna comhairliúcháin go léir, gur mhian leo go dtabharfaí isteach topaicí breise, atá oiriúnach ó thaobh aoise agus céime, do scoláirí na sraithe sinsearaí, lena n-áirítear, mar shampla, nósanna gnéis níos sábháilte do chách, pléisiúr gnéasach, roghanna agus faisnéis maidir le frithghiniúint agus toircheas, foréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscne (ar líne agus as líne), agus conas déileáil le cailleadh agus athrú.

Mar a leagtar amach in *Páipéar Cúlra agus Treoir* (leathanaigh 4-5), beidh forbairt OSPS na Sraithe Sinsearaí bunaithe ar phríomhthionscnaimh bheartais an rialtais agus ar cheanglais idirnáisiúnta maidir le cearta leanaí agus soláthar oideachais sláinte agus folláine ardchaighdeán a bhaineann le dúshlán ábhartha chomhaimseartha, amhail toiliú, comhionannas inscne agus comhionannas i gcoitinne, féiniúlacht inscne, ionchuimsiú, ciapadh agus dúshaothrú ar líne, rannpháirtíocht, cosaint, foréigean gnéasach agus inscne, agus tionchar na pornagrafaíochta. Mar a sonraíodh, ba léir sa chuid is mó den aiseolas ón gcomhairliúchán, ach ní san aiseolas ar fad, go rabhthas i bhfabhar chuimsiú bhunús na dtéamaí sin, ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aoise agus céime.

## Rudaí praiticiúla le cur san áireamh

### Spriocghrúpa, stádas agus leithdháileadh ama

Sna modhanna comhairliúcháin go léir, agus in ainneoin na ndúshlán i dtaobh soláthar foirne agus socrú cláir ama, ba é tuairim na coitiantachta gur cheart go mbeadh OSPS éigeantach i ngach clár

sa tsraith shinsearach, agus go mbeadh an cúrsa céanna ag gach scoláire san Ardeistiméireacht Bhunaithe agus san Ardeistiméireacht Fheidhmeach. Ba iad na cúiseanna ba choitianta a luadh ná go mbíonn deacrachtaí ar leith ag daoine óga agus go bhfuil riachtanais uathúla acu san Idirbhliain, sa 5ú Bliain agus sa 6ú Bliain, agus nach bhfuil duine éigin lasmuigh den scoil ag gach scoláire, a thugann tacaíocht dó/dí.

*'Is maith nuair a bhíonn tú i rang ina bhfuil scór buachaillí agus sinn ar an aistear céanna agus is féidir ceisteanna a chur, ar ceisteanna iad nach gcuirfeá sa bhaile b'fhéidir.'* (Rannpháirtí i bhfócasghrúpa scoláirí)

Lena chois sin, dúirt múinteoirí agus daoine óga i bhfócasghrúpaí, agus páirtithe leasmhara san imeacht comhairliúcháin, go bhféadfadh curaclam amháin don uile scoláire, beag beann ar an gclár, cur le comhtháthú sóisialta níos fearr.

*Is iondúil go mbíonn ár rang don Ardeistiméireacht Fheidhmeach ar an imeall. Tá clár ama neamhspleách acu. Tá siad scoite.* (Rannpháirtí i bhfócasghrúpa múinteoirí)

Bhí eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí na bpáirtithe leasmhara an-diongbháilte go deo i leith an chothromais agus na gceart; d'áitigh siad gur ceart é OSPS don uile scoláire ag gach céim den oideachas, beag beann ar an gclár.

*Caithfidimid breathnú air ó thaobh cearta leanaí de – caithfidh [OSPS] a bheith ar fáil do gach leanbh, go cothrom, d'fhonn cothromas agus cearta leanaí a chur chun cinn. Ní foláir a chinntiú go mbíonn teacht ag an uile scoláire ar an bhfoghlaim chéanna.* (Páirtí leasmhar, cruinniú comhairliúcháin ar líne)

Tuigeadh go mór an tábhacht ar leith a bhaineann le OCG agus an gá atá leis. Mhaígh freagróirí gur chóir go mbeadh OCG éigeantach don uile scoláire sa tsraith shinsearach.

*Tosaíonn tú ag machnamh ar rudaí de réir mar a théann tú in aois; athraíonn an dóigh a smaoiníonn tú ar rudaí. Caithfidh tú a bheith ullmhaithe leis sin a dhéanamh. An dóigh a smaoiním ar rudaí anois, ní hionann é agus an dóigh ar smaoinigh mé ar rudaí nuair a bhí mé 13 bliana d'aois. Borrann do shaol de réir mar a théann tú in aois, agus tig leis a bheith scanrúil. Cuid mhór den phlé teoiriciúil a rinneadh in OCG, is é an saol dáiríre anois é.* (Rannpháirtí i bhfócasghrúpa scoláirí)

D'aontaigh bunús uile na rannpháirtithe go dteastaíonn uair an chloig, ar a laghad, in aghaidh na seachtaine le haghaidh OSPS na Sraithe Sinsearaí. Leoga, dúirt go leor acu go dtabharfaí níos mó ama fós don OSPS dá mbeadh an saol gan locht, mar shampla, tréimhse dhúbailte. Baineann na cúiseanna a tugadh go mór le nádúr na hoideolaíochta atá de dhíth agus leis na hábhair ar a ndéantar plé, agus measadh nach leor 40 nóiméad ina thaobh sin. Chreid múinteoirí agus scoláirí araon go bhfuil idirphlé sa seomra ranga ríthábhachtach don fhoghlaim in OSPS, agus go dteastaíonn am, chomh maith le scileanna an mhúinteora mar éascaitheoir, chun é sin a dhéanamh.

Cé go rabhtas ar aon intinn gur cheart go leithdháilfí uair an chloig, ar a laghad, in aghaidh na seachtaine, léiríodh réimse tuairimí ní ba chasta agus ní ba chaolchúisí san aiseolas ar an suirbhé ar

líne inar iarradh ar na freagróirí an méid a aontaíonn siad le ráitis faoi OSPS éigeantach don Idirbhliain, don 5ú Bliain agus don 6ú Bliain, faoi seach, a chur in iúl.

**Tábla 2: Na tuairimí a nochtadh sa suirbhé ar líne maidir le socrú cláir ama do OSPS sa tsraith shinsearach**

Suirbhé ar líne	Scoláirí	Múinteoirí	Tuismitheoirí
An céatadán ar mian leo OSPS a fheiceáil do gach bliainghrúpa agus i ngach scoil	63.5%	74.1%	67.4%
An céatadán ar mian leo OSPS a fheiceáil san Idirbhliain	85.1%	90.6%	77.9%
An céatadán ar mian leo OSPS a fheiceáil sa 5ú Bliain	73.4%	80%	72.8%
An céatadán ar mian leo OSPS a fheiceáil sa 6ú Bliain	50.3%	67.1%	61.6%

D'aontaigh 63% de na scoláirí, 74.1% de na múinteoirí agus 67.4% de na tuismitheoirí a d'fhreagair an suirbhé ar líne gur cheart go mbeadh OSPS éigeantach sa tsraith shinsearach, go mbeadh sé i ngach scoil agus go mbeadh sé ag gach bliainghrúpa. Cé gur aontaigh 85.1% de na scoláirí, 90.6% de na múinteoirí agus 77.9% de na tuismitheoirí le ráiteas gur cheart am a thabhairt do OSPS san Idirbhliain, níor aontaigh ach 50.3% de na scoláirí, 67.1% de na múinteoirí agus 61.6% de na tuismitheoirí leis an ráiteas, 'Ba cheart go mbeadh OSPS na Sraithe Sinsearaí éigeantach don uile scoláire sa 6ú Bliain'. Is suntasach an laghdú a tháinig ar mhéid an chomhaontaithe idir ráiteas na hIdirbhliana agus ráiteas an 6ú Bliain.

Bhí na tuairimí éagsúla a cuireadh in iúl sa suirbhé faoi shocrú cláir ama do OSPS ag teacht le ráitis na scoláirí agus na múinteoirí i bhfócasghrúpaí, is é sin, go bhféadfadh sé go gcuirfí in aghaidh OSPS sa bhliain deiridh de dheasca na béime atá ar na hábhair scrúdaithe. D'áitigh mionchuid shuntasach de na scoláirí agus de na tuismitheoirí a thug freagra sa suirbhé ar líne gur cheart go mbeadh OSPS roghnach sa 6ú Bliain, de réir mar a théann brú scrúduithe i méid. Chuir roinnt múinteoirí agus páirtithe leasmhara béim ar a thábhachtaí atá solúbthacht agus cinnteoireacht scoilbhunaithe maidir le socrú cláir ama do OSPS; agus chreid foghrúpa tuismitheoirí a thug freagra i suirbhéanna ar líne go diongbháilte gur cheart go mbeadh OSPS roghnach, agus thug cuid acu le fios go bhfeidhmeoidís an ceart atá acu a gcuid leanaí a thógáil amach as roinnt ceachtanna OSPS nó, go deimhin, as na ceachtanna uile.

### **Ainmniú an réimse curaclaim seo**

Bhí tuairimí measctha le sonrú maidir leis an moladh an t-ainm atá ar OSPS a athrú. Cé gur easaontaigh formhór na ndaoine a d'fhreagair an suirbhé ar líne le ráiteas faoin ngá le OSPS a athainmniú nó go raibh siad éiginnte faoi, d'aontaigh mionlach mór leis. Cé go rabhtas ar aon aigne sna modhanna comhairliúcháin uile nach mór aird a thabhairt ar chlú agus ar sholáthar OSPS, ní raibh lear mór rannpháirtithe cinnte gur chúis sách maith é sin leis an ainm a athrú. Mhaigh cuid acu siúd nár aontaigh le hathrú ainm go mbrisfí an ceangal le OSPS na Sraithe Sóisearaí dá gcuirfí ainm eile ar an ábhar sa tsraith shinsearach.

Bhíothas ar aon intinn go gcuireann ábhair ar féidir acrainmneacha a chur orthu as do dhaoine agus gur beag an chabhair iad. Mhol na rannpháirtithe a bhí ar son athrú ainm go n-athrófaí an t-ainm go 'Scileanna Beatha', 'Scileanna ar feadh an tSaoil' nó 'Forbairt Phearsanta'. Ba é a spreag na moltaí sin, go príomha, an tuairim go mba chabhrach an athbhrandáil le cur i gcoinne stádas OSPS, ar stádas íseal é go stairiúil, agus leis an ábhar a dhealú ó na dúshláin a shíltear a bhí roimh scoileanna maidir le folláine sa tsraith shóisearach, agus/nó an bharúil go bhféadfadh ainm eile a bheith ina léiriú níos fearr ar chéim mhéadaithe aibíochta an scoláire sa tsraith shinsearach.

### **Na dálaí a theastaíonn chun tacú le OSPS éifeachtach sa tsraith shinsearach**

Luadh ceist na ndálaí sa Pháipéar Cúlra, is dálaí a theastaíonn chun tacú le OSPS éifeachtach sa tsraith shinsearach. Mar fhreagra air sin, d'aontaigh rannpháirtithe an chomhairliúcháin gurb ann do raon tacaíochtaí a chabhródh, dar leo, le cur i bhfeidhm rathúil i scoileanna. Ar na dálaí fabhracha ba choitianta ar tagraíodh dóibh bhí tacaíocht ó cheannaireacht na scoile, leithdháileadh agus saineolas múinteoirí, fáil ar acmhainní teagaisc agus foghlama atá oiriúnach, ábhartha agus spreagúil, an comhghaol idir éiteas na scoile agus luachanna teaghlai, agus an comhoibriú agus an chomhpháirtíocht le tuismitheoirí/caomhnóirí.

Luagh páirtithe leasmhara agus múinteoirí feidhm cheannaireacht na scoile maidir le tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach. Rinne múinteoirí tagairt shonrach don ghá atá le hoideachas a chur ar an lucht bainistíochta faoi thábhacht OSPS agus faoin ról atá acu tacú le cleachtas níos éifeachtaí. D'áitigh múinteoirí freisin gur chóir go mbeadh meas an lucht bainistíochta ar thábhacht an ábhair le feiceáil i bpobail scoile. Dúirt siad go bhfuil ceannaireacht na scoile ríthábhachtach chun dóthain ama a chinntiú do phleanáil OSPS agus do OSPS ar an gclár ama, chun forbairt acmhainne na múinteoirí a éascú, agus chun tacú le cruthú chroífhóireann OSPS ar a mbeidh múinteoirí a bhfuil suim acu agus a bhfuil oiliúint orthu.

Teachtaireacht amháin atá le sonrú i gcomhairliúcháin CNCM le blianta beaga anuas is ea a thábhachtaí atá forbairt ghairmiúil na múinteoirí mar an príomhéascaitheoir i dtaca le cur i bhfeidhm rathúil OSPS.<sup>4</sup> Le linn an chomhairliúcháin, bhí na scoláirí ríshoiléir go bhfuil tionchar ag an tsuim agus ag an gcumas atá ag an múinteoir ar a thábhachtaí atá OSPS dóibh.

*Ní leor rang a bheith agat, caithfidh tábhacht a bheith ag baint leis agus is iad na múinteoirí a ghineann an tábhacht sin. Mura mbíonn an múinteoir ar a s(h)uaimhneas ní bheidh an scoláire ar a s(h)uaimhneas agus ní bheidh sé/sí ábalta an fhoghlaim a chur i bhfeidhm sa saol dáiríre dá thairbhe. (Rannpháirtí i bhfócasghrúpa scoláirí)*

---

<sup>4</sup> CNCM (2019). *Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna*, lch 75;  
CNM (2022). *Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar Dhréachtchuraclam OSPS na Sraithe Sóisearaí*, lch 15.

Rinne roinnt páirtithe leasmhara (aighneacht scríofa agus comhairliúchán ar líne) agus múinteoirí (fócasghrúpaí) trácht ar bhearta a rinne an Roinn Oideachais le déanaí chun tacú le soláthar dioplóma iarchéime tiomnaithe OSPS in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus, go deimhin, chuir siad fáilte rompu. In ainneoin na forbartha sin le déanaí, tá imní le brath fós i measc rannpháirtithe an chomhairliúcháin faoin traidhfil múinteoirí cáilithe dá bhfuil ann agus faoina laghad muiníne agus scileanna atá le sonrú i measc mhúinteoirí OSPS. Mar thoradh air sin, sa chás is fearr, níl OSPS chomh suimiúil ná chomh hábhartha agus ba cheart dó a bheith agus, sa chás is measa, d'fhéadfaí dochar a dhéanamh nuair nach n-éascaítear topaicí go sciliúil agus go tuisceanach.

Aithníodh go bhfuil ról tábhachtach ag acmhainní teagaisc atá cothrom le dáta, spreagúil agus ábhartha, macasamhail cás-staidéar, cásanna agus scannán, chun tacú le dea-chleachtas oideolaíochta in OSPS. Chuir scoláirí in iúl gur mhaith leo acmhainní a éascaíonn idirphlé agus a thacaíonn le múinteoirí ceisteanna oscailte a chur, seachas treoircheisteanna. Lena chois sin, agus nuair ba ghá, dúirt líon scoláirí gur chóir go mbeadh a ndóthain saineolais ag múinteoirí téacsleabhair nó acmhainní a chur in oiriúint nó bogadh ar aghaidh uathu. Rinne múinteoirí gearán faoin easpa acmhainní go ginearálta; b'éigean dóibh barraíocht ama a chaitheamh ar thaighde agus ar phleanáil ceachtanna de bharr na heaspa sin. Dúirt siad go sonrath nach raibh go leor acmhainní ar fáil chun tacú le teagasc agus foghlaim in OCG, go háirithe ó thaobh LADTAI+ de. De thoradh an ghanntanais sin, mhaígh siad go raibh siad leochaileach, nach raibh aon chosaint acu, go raibh eagla orthu go ndéarfadís an rud mícheart agus go bhféadfaí cur le himní an scoláire. Dúirt bunús na dtuismitheoirí a thrácht ar acmhainní gur mhian leo go gcuirfí '*fíorfhíric*' agus '*cásanna an fhíorshaoil*' i láthair a bpáistí.

Moladh san aiseolas a fuarthas ó roinnt grúpaí agus ó thuismitheoirí aonair gur cheart go n-áireodh OSPS sa tSraith Shinsearach tagairtí do mhoráltacht, teagasc morálta, luachanna na Críostaíochta, creideamh na dteaghlach agus/nó gur chóir go mbeadh scoileanna in ann an curaclam a chur in oiriúint dá gcomhthéacs agus dá spiorad sáiniúil. Chuir scoláirí, múinteoirí agus roinnt páirtithe leasmhara in aghaidh an dearcaidh sin, áfach — bhí siadsan ar son deireadh a chur leis an uile thagairt d'éiteas agus do reiligiún na scoile agus athruithe dlíthiúla a thabhairt isteach lena chinntiú go gcuirfeadh gach scoil OSPS i bhfeidhm ar bhealach '*oibiachtúil, criticiúil agus iolraíoch*' (Páirtí leasmhar, aighneacht scríofa).

Luaigh rannpháirtithe i ngach modh comhairliúcháin tábhacht na dtuismitheoirí mar phríomhpháirtithe oideachais, go háirithe ó thaobh OSPS de. Agus ról tábhachtach na dtuismitheoirí á n-aithint acu, chuir líon múinteoirí in iúl gur mhian leo go gcuirfí oideachas ar thuismitheoirí faoi OSPS chun go bhféadfaidís oibriú as lámha a chéile agus an fhoghlaim a threisiú sa bhaile. Dúirt roinnt tuismitheoirí gur theastaigh uathu cumarsáid chomhsheasmhach shoiléir a fháil ó na scoileanna ionas go mbeidís ullamh chun ceisteanna — a d'fhéadfadh teacht aníos tar éis ceachtanna ar leith — a fhreagairt. Mar a dúradh cheana, chuir foghrúpa tuismitheoirí in iúl nach nár mhaith leo go ndéileálfai le OSPS, ina iomláine ná topaicí sonracha, ar scoil.



## Cuid a Trí: Príomhthorthaí d'fhorbairt ábhair

Léiríonn torthaí an chomhairliúcháin go bhfáiltítear roimh an athfhorbairt ar churaclam OSPS sa tSraith Shinsearach, go bhfuil sí tráthúil, agus go dtugann an Páipéar Cúlra agus Treoir le haghaidh athfhorbairt OSPS léargas cuimsitheach ar na ceisteanna a mbeidh ar an Meitheal Forbartha machnamh a dhéanamh orthu. Aithnítear sa chuid seo den tuarascáil roinnt príomhthorthaí d'athfhorbairt an ábhair, agus iad ag eascairt as an gcomhairliúchán.

### An Fhoghlaim in OSPS na Sraithe Sinsearaí

Ní mór, le linn nuashonrú a dhéanamh ar OSPS sa tSraith Shinsearach, spléachadh eile a thabhairt ar chion mór de na téamaí i gcuraclam nuashonraithe OSPS na Sraithe Sóisearaí agus tuilleadh iniúchta a dhéanamh orthu, de réir mar is cuí, agus níor mhór go léireofaí aois agus céim na ndaoine óga lena mbaineann. Ní foláir, ó thaobh na foghlama in OSPS sa tSraith Shinsearach, téamaí breise a thabhairt isteach chun freastal ar riachtanais na scoláirí ag an gcéim seo dá bhforbairt, chun tacú leo agus iad ag ullmhú don saol tar éis an scoil a fhágáil agus iad ina ndaoine fásta óga agus chun ceanglais bheartais náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur san áireamh. Is den riachtanas a bheith cúramach, áfach, gan an iomarca a chur san áireamh sa churaclam agus an cothromaíocht cheart a bhaint amach idir doimhneacht agus fairsinge an chúrsa.

Ní mór cothromaíocht a aimsiú idir na héilimh a chuirtear ar OSPS sa tSraith Shinsearach chun freastal ar riachtanais na scoláirí uile agus na hionchais maidir le cad is féidir le múinteoirí OSPS — agus leithdháileadh ama méadaithe, cumas níos fearr an mhúinteora agus baint amach na ndálaí fabhracha eile san áireamh fiú — a chur díobh d'fhonn tacaíocht a thabhairt do na scoláirí ag an gcéim thábhachtach seo dá bhforbairt.

### Spriocghrúpa, leithdháileadh ama agus socrú cláir ama

Bhí mórchuid na rannpháirtithe sa chomhairliúchán i bhfabhar an curaclam céanna do OSPS a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don uile scoláire sa tsraith shinsearach. Is tráthúil an obair leanúnach atá á déanamh ar an athbhreithniú ar Ráiteas Chlár na hIdirbhliana agus cuirfidh an toradh seo bonn eolais fúithi. Maidir le hobair Mheitheal Forbartha OSPS na Sraithe Sinsearaí, ní foláir a mheas conas — ó thaobh dhearadh agus chruth theicniúil an churaclaim — a bheidh teacht ag gach scoláire sa dá bhliain dheireanacha den tsraith shinsearach ar an gcuraclam céanna do OSPS.

Maidir leis an treoir do scoileanna i dtaobh socrú cláir ama, ní mór an t-aiseolas a bhaineann le socrú cláir ama do OSPS do gach bliain den tsraith shinsearach, go háirithe an méid tacaíochta atá ar son OSPS san Idirbhliain agus na hargóintí maidir le brú acadúil méadaithe sa 6ú Bliain, a bhreithniú go cúramach.

### Ainmniú an réimse curaclaim seo

Aithníodh sa chomhairliúchán buntáistí agus míbhuntáistí éagsúla a ghabhann le hathainmniú OSPS. Caithfear na dearcthaí éagsúla sin a bhreithniú a thuilleadh chun cothromaíocht a aimsiú idir na ceisteanna a thagann aníos maidir leis an (neamh)leanúnachas leis an tsraith shóisearach agus an luach coibhneasta a bhaineann le hathrú ainm.

### **Dálaí fabhracha le haghaidh OSPS**

Tá tacaíocht éifeachtach ó cheannaireacht na scoile, leithdháileadh agus saineolas múinteoirí, fáil ar acmhainní, agus comhoibriú idir scoileanna agus le tuismitheoirí/caomhnóirí i measc na ndálaí a chuidíonn le cur i bhfeidhm rathúil OSPS na Sraithe Sinsearaí. Ní mór aird a thabhairt ar na dálaí sin — leithdháileadh agus saineolas múinteoirí go háirithe — agus tacú leo, ar bhonn leanúnach, ag leibhéal an chórais sna blianta amach romhainn.

Thairis sin, beidh gá le breithniú níos leithne ar leibhéal an chórais d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an teannas a d'fhéadfadh teacht chun cinn, is é sin an teannas idir ceart an tuismitheora a bpáiste a thógáil amach as OSPS nó as gnéithe de agus ceart an scoláire oideachas fairsing cothrom a fháil, lena n-áirítear oideachas sláinte cuimsitheach.

## Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

---

Ghin an comhairliúchán maidir le Páipéar Cúlra agus Treoir le haghaidh athfhorbairt Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sinsearaí plé saibhir agus fuarthas aiseolas úsáideach agus stuama ó pheirspictíochtaí éagsúla. Caithfear aitheantas a thabhairt do leibhéal rannpháirtíochta na ndaoine a ghlac páirt sa chomhairliúchán. I dtaca leis an aiseolas a fuarthas, bhí sé oscailte, macánta, tiomanta, saineolach agus bunaithe ar thaithí.

Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sna fócasghrúpaí, a chomhlánaigh an suirbhé ar líne, nó a scríobh aighneacht. Ar a bharr sin, tá CNCM an-bhuíoch de na ceannairí scoile a d'éascaigh múinteoirí ó thaobh páirt a ghlacadh in imeachtaí fócasghrúpaí agus díobh siúd ar fad a thacaigh le rannpháirtíocht scoláirí sa chomhairliúchán.

Léiríonn torthaí an chomhairliúcháin go bhfuiltear ag tacú go láidir leis na hathruithe a leagtar amach sa treoir le haghaidh nuashonrú OSPS sa tSraith Shinsearach. Mar sin féin, rinne líon beag tuismitheoirí agus múinteoirí pointí criticiúla faoi thopaicí OSPS agus/nó OCG agus dúirt siad gur chóir freastal ar luachanna creidimh agus ar éiteas na scoile in OSPS. Bíodh sin mar atá, fáiltítear roimh an deis sonraíocht ábhartha nuashonraithe a chruthú le haghaidh OSPS na Sraithe Sinsearaí agus meastar go bhféadfadh eispéireas níos fearr a bheith ag múinteoirí agus ag scoláirí araon ar OSPS dá thairbhe sin.

Tugadh léargas sa tuarascáil seo ar na tuairimí agus dearcthaí a léiríodh le linn an phróisis chomhairliúcháin. Tabharfaidh na torthaí a léirítear sa tuarascáil seo treoir agus stiúir don Mheitheal Forbartha, a tionóladh le déanaí le tabhairt faoi churaclam úr do OSPS sa tSraith Shinsearach. Leanfaidh an Mheitheal Forbartha dá cuid oibre, a mbeidh na torthaí a leagadh amach sa tuarascáil seo mar bhonn léi, agus síltear go mbeidh dréachtchuraclam ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí sa tríú ráithe de 2023.

## Aguisín A

---

Seo a leanas liosta de na heagraíochtaí a roinn aighneacht scríofa agus ar mhian leo go n-ainmneofaí iad:

### Aighneachtaí scríofa:

Cumann Phátrúin agus Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha (*Association of Patrons and Trustees of Catholic Schools*) (APTCS)

Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)

Aindiachaithe Éireann (*Atheist Ireland*)

Cumann Tuismitheoirí na Meánscoileanna Caitliceacha (*Catholic Secondary School Parents Association*)

Ag Foghlaim le Chéile

Comhairle na nÓg, Fine Gall

Genspect

Institiúid Scannán na hÉireann

Institiúid Oileán Í (*Iona Institute*)

Foras Croí na hÉireann

Aontas Daltaí Iar-bhunscoile na hÉireann (ISSU)

Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB)

Cumann Mhúinteoirí Aireachais na hÉireann (*Mindfulness Teachers Association Ireland*) (MTAI)

Comhairle Náisiúnta na mBan

Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí

Scoil Pháirc Shruth na gCloch

ShoutOut

An Chuntaois (*The Countess*)

Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI)


Cúnamh do Mhná

## Aguisín B

---

Seo a leanas liosta de na heagraíochtaí a raibh ionadaíocht acu ag imeacht comhairliúcháin ar líne do pháirtithe leasmhara an 28 Samhain 2022:

Accord  
BeLong To  
Bodywhys  
An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaf  
Bord Oideachais Eaglais na hÉireann  
An Roinn Oideachais  
Ag Foghlaim le Chéile  
GOSHH, Éire  
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)  
Comhdháil Easpag na hÉireann  
Foras Croí na hÉireann  
Jigsaw  
Comh-Bhord Bainistíochta  
An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM)  
Ionad Tacaíochta Oideachais Chill Dara  
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)  
Comhairle Náisiúnta na mBan  
Comhairle Náisiúnta na nÓg (NYCI)  
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)  
Líonra Éigeandála na hÉireann um Éigniú (*Rape Crisis Network Ireland*)  
Sláinte Ghnéis an Iarthair (*Sexual Health West*)  
ShoutOut  
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt  
Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)  
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curraíom agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment